**RIALACHÁN (AE) 2026/1890 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Iúil 2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil na suime d'fhúrán, 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán i mbia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga agus i mbia do naíonáin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia.

(2) Is é atá i bhfúrán agus ailciolfúráin, lena n-áirítear meitiolfúráin amhail 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán, éilleáin phróisis a fhoirmítear i mbianna le linn na próiseála teirmí.

(3) In 2017, ghlac an Painéal maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra den Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí a bhaineann le láithreacht fúráin agus meitiolfúrán i mbia don tsláinte phoiblí ([3]). Sa tuairim uaidh, tháinig an Painéal ar an gconclúid go léiríonn na leibhéil reatha nochta d'fhúrán gur ábhar imní don tsláinte é. Maidir le meitiolfúráin, tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfaidís cur go suntasach leis an nochtadh iomlán d'fhúrán agus d'ailciolfúráin agus, dá bhrí sin, go méadófaí an t-ábhar imní sláinte. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil sonraí ann maidir le láithreacht meitiolfúrán i mbia, mhol an Painéal maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra sonraí breise a bhailiú sa réimse seo.

(4) In 2022, ghlac an Coimisiún Moladh ([4]) maidir le faireachán arna dhéanamh ag na Ballstáit, i gcomhar le hoibreoirí gnó bia, ar fhúrán, 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán i mbianna, go háirithe i gcaife, i mbia do naíonáin i gcrúca (lena n-áirítear bia do naíonáin i gcoimeádáin, i bhfeadáin agus i bpúitsí), in anraith réidh le hithe, i gcriospaí bunaithe ar phrátaí, i súnna torthaí, i ngránaigh bhricfeasta, i mbrioscaí, i gcraicir agus in arán briosc.

(5) In 2024, bhí roinnt fógraí sa Chóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF) maidir le láithreacht leibhéal áirithe fúráin, 2-meitiolfúráin agus 3-meitiolfúráin i mbia do naíonáin arb ábhar imní iad ó thaobh sláinte de.

(6) Agus conclúidí na tuairime eolaíche ón bPainéal maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra á gcur san áireamh, mar aon le hinfhaighteacht na sonraí tarluithe agus na fógraí RASFF, is iomchuí uasleibhéil a shuí maidir le láithreacht fúráin, 2-meitiolfúráin agus 3-meitiolfúráin i mbia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga agus i mbia do naíonáin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/915 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 37, 13.2.1993, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/315/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj).
([3]) Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra, 'Tuairim Eolaíoch maidir leis na rioscaí don tsláinte phoiblí a bhaineann le láithreacht fúráin agus meitiolfúrán i mbia', *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2017;15(10):5005, 142 lch, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.5005.
([4]) Moladh (AE) 2022/495 ón gCoimisiún an 25 Márta 2022 maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreacht fúráin agus ailciolfúrán i mbia (IO L 100, 28.3.2022, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2022/495/oj).

(8) Chun ligean d'oibreoirí eacnamaíocha iad féin a ullmhú le haghaidh na rialacha nua i ndáil le bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga agus i mbia do naíonáin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach sula mbeidh na rialacha nua i bhfeidhm. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh bia ina bhfuil fúrán, 2-meitiolfúrán nó 3-meitiolfúrán, a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'Féadfar bianna a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh na dátaí dá dtagraítear i bpointe (a) go (s) a choinneáil ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éaga:';

(b) cuirtear an pointe (s) seo a leanas leis:

'(s) an 1 Eanáir 2028 a mhéid a bhaineann leis na huasleibhéil le haghaidh na suime d'fhúrán, 2-meitiolfúrán agus 3-meitiolfúrán, arna sloinneadh mar fhúrán, a leagtar amach i bpointe 5.6 d'Iarscríbhinn I':

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I Roinn 5, 'Éilleáin a phróiseáil', d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915, cuirtear an iontráil 5.6 'Suim fúráin, 2-meitiolfúráin agus 3-meitiolfúráin, arna sloinneadh mar fhúrán' léi:

| '5.6 | **Suim fúráin, 2-meitiolfúráin agus 3-meitiolfúráin, arna sloinneadh mar fhúrán** | Uasleibhéil (µg/kg) | Tráchtanna |
|---|---|---|---|
| | | | Maidir le suim fúráin, 2-meitiolfúráin agus 3-meitiolfúráin, arna sloinneadh mar fhúrán, tagraíonn na huasleibhéil do thiúchaintí cuimse íochtair, a ríomhtar ar an toimhde go bhfuil na luachanna go léir faoi bhun na teorann cainníochtaithe nialas.<br>Cuirtear fachtóir 0,83 i bhfeidhm ar an leibhéal 2-meitiolfúráin agus 3-meitiolfúráin agus tagraíonn an t-uasleibhéal don tsuim fúrán + 0,83 × 2-meitiolfúrán + 0,83 × 3-meitiolfúrán |
| 5.6.1 | Bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga ([3]) | 40 | |
| 5.6.2 | Bia do naíonáin ([3]) | | |
| 5.6.2.1 | Bia déiríbhunaithe agus bia atá bunaithe ar thorthaí do naíonáin<br>Bia do naíonáin ina bhfuil meascán de dhéiríocht agus torthaí | 30 | Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le bia do naíonáin ina bhfuil ar a laghad 80 % déiríochta, torthaí nó meascán de dhéiríocht agus torthaí.' |
| 5.6.2.2 | Bia eile do naíonáin | 80 | |